RÚN (AE) 2022/1750 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach (EFCA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iascach,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0114/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 17 580 000 buiséad críochnaitheach na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú de 1,93 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais a thagann buiséad na Gníomhaireachta go príomha;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"). go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. á thabhairt dá haire gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme 97,27 %, arb ionann é agus laghdú an-bheag de 2,61 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gur ráta forghníomhaithe 81,18 % a bhí ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann é agus laghdú de 4,51 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuair an Ghníomhaireacht ranníocaíocht EUR 16,9 milliún faoi bhuiséad ginearálta an Aontais in 2020, arb ionann é agus ardú 1,2 % i leith 2019; á chur i bhfios go bhfuil méid bhuiséad bliantúil na Gníomhaireachta agus a líon iomlán foirne araon ar an bhfigiúr is ísle i measc ghníomhaireachtaí an Aontais;

Feidhmíocht

3. á mheabhrú a thábhachtaí atá rialú ar iascach chun cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) a ghnóthú; ag aithint rannchuidiú ríthábhachtach na Gníomhaireachta chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme; á chur i bhfáth gurb iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascach agus gur de chineál tacaíochta iad cúraimí na Gníomhaireachta; á chur i bhfáth go ndéanfar méadú ar ualach oibre tacaíochta na Gníomhaireachta leis an athbhreithniú ar an Rialachán lena rialaítear rialú ar iascaigh; ag cur béim ar a neamhréirí atá sé féachaint le dul i ngleic le hoibleagáidí atá ag dul i méid gan acmhainní leordhóthanacha chun déanamh amhlaidh; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, nach foláir do na hacmhainní airgeadais agus daonnúla a bheidh ar fáil don Ghníomhaireacht a bheith leordhóthanach sna blianta amach romhainn;

4. ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di go mbaineann an Ghníomhaireacht leas as bearta áirithe mar phríomhtháscairí feidhmíochta chun meastóireacht a dhéanamh ar an mbreisluach arna chur ar fáil ag a gníomhaíochtaí agus as bearta eile, amhail treochtaí maidir le cigireachtaí agus sáruithe, freastal ar sheisiúin oiliúna agus cur chun feidhme an bhuiséid in aghaidh na ráithe, chun feabhas a chur ar bhainistiú a buiséid;

5. ag tabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht 90 % dá gníomhaíochtaí chun feidhme in am i gcomhréir lena Clár Oibre Bliantúil; ag tabhairt dá haire go raibh an cur chun feidhme in 2020 níos airde ná mar a bhíothas ag súil ag cur san áireamh imthosca speisialta phaindéim COVID-19;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 148.

6. ag tabhairt dá haire gur lean an Ghníomhaireacht, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí den socrú oibre tripháirteach a síníodh in 2019 inar sainíodh comhar idir na Gníomhaireachtaí sin agus comhar le húdaráis náisiúnta a dhéanann feidhmeanna garda cósta trí sheirbhísí, faisnéis, trealamh agus oiliúint a chur ar fáil, agus trí oibríochtaí ilchuspóra a chomhordú freisin; ag tabhairt dá haire gur ghlac an Ghníomhaireacht le cathaoirleacht an tsocraithe oibre thríthaobhaigh sin i mí na Bealtaine 2020; ag tabhairt dá haire go gcabhraíonn an comhar sonrach idirghníomhaireachta sin chun sineirgí a chruthú agus dúbailt agus/nó iomarcaíocht iarrachta a sheachaint sa chomhar idir Gníomhaireachtaí agus idir Ballstáit ábhartha, rud a thugann barainneachtaí scála; á mheas gur sampla é an socrú de shineirge idir gníomhaireachtaí an Aontais ar cheart dó gníomhaireachtaí i réimsí eile a spreagadh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí ina leith sin agus á mheas gur iomchuí freisin méadú a dhéanamh ar an gcomhar idir an Ghníomhaireacht agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil;

7. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht 38 452 chigireacht ar shoithí iascach a chomhordú in 2020, as a ndearnadh 1 682 shárú amhrasta a bhrath, arb ionann é agus ardú 18,75 % agus 44,25 %, faoi seach, ar fhigiúirí 2019; á chreidiúint go léirítear leis na figiúirí sin gur príomhuirlis fós gurb ea cigireachtaí agus gníomhaíochtaí leantacha chun a áirithiú go n-urramaítear rialacha CBI; ag tabhairt dá haire, áfach, go ndéantar na héagothromaíochtaí atá ann idir na limistéir a cheilt leis an ardú sin, le hardú in Uiscí an Iarthair (+ 27 %) agus sa Mheánmhuir (+ 141 %) agus ísliú i Muir Bhailt (– 20 %), sa Mhuir Thuaidh (– 49 %), sa Mhuir Dhubh (– 11 %) agus in NAFO-NEAFC (– 36 %); á iarraidh ar an nGníomhaireacht faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil maidir leis na cúiseanna atá leis na hathruithe sin; á chur i bhfios go bhfuil ról lárnach ag cigireachtaí agus gníomhaíochtaí leantacha eile ní hamháin i mbainistiú cuí na stoc éisc ach freisin i dtaca le machaire comhréidh a áirithiú d'iascairí an Aontais;

8. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit, obair thábhachtach ullmhúcháin chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ar an rialú iascaigh sa Mhuir Thuaidh agus in uiscí thiar an Atlantaigh;

Beartas foirne

9. ag tabhairt dá haire, ar an 31 Nollaig 2020, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 98,36 %, go raibh ceapacháin déanta i gcás 60 oifigeach agus gníomhaire sealadach as 61 ghníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 61 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire go raibh cúig ghníomhaire ar conradh agus ceithre shaineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Ghníomhaireacht in 2020 freisin;

10. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas ag an nGníomhaireacht i leith cóir chomhionann foirne a chur chun cinn agus go bhfuil sé mar sprioc aici comhionannas inscne a bhaint amach ó thaobh líon iomlán na foirne de mar aon le gráid agus leibhéil freagrachta; á chur in iúl gur saoth go mór leis nach bhfuil an líon foirne ar mná iad atá fostaithe ag grád AD 8 nó níos airde ach ionann le 30 %; á chur in iúl gur geal léi gur ainmníodh bean mar stiúrthóir feidhmiúcháin nua na Gníomhaireachta le déanaí; ag tabhairt dá haire, áfach, nach dtugann a hainmniúchán le fios gur féidir paireacht a bhaint amach ar an leibhéal bainistíochta, ós rud é gur fir atá i seilbh na bpost ceann aonaid go léir; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlús a chur lena cuid iarrachtaí a beartas um phaireacht inscne a chur chun feidhme chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na paireachta ar an leibhéal bainistíochta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an mhíchothromaíocht inscne ar bhord riaracháin na Gníomhaireachta — 46 fhear (70 %) agus 20 bean (30 %); á iarraidh arís ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aird a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis an gcothromaíocht inscne a áirithiú agus a gcuid comhaltaí á n-ainmniú acu don bhord riaracháin.;

Soláthar

11. á thabhairt chun suntais gur sháraigh an céatadán nósanna imeachta soláthair arna lainseáil ag an nGníomhaireacht an sprioc 80 % agus gur shroich sí 83 % in 2020; ag tabhairt dá haire go dtugann úsáid an tsoláthair bheartaithe deis don Ghníomhaireacht leanúint d'ardleibhéil feidhmíochta maidir le cur chun feidhme an bhuiséid;

12. ag tabhairt dá haire go raibh an phríomhghníomhaíocht soláthair in 2020 dírithe ar thrí chreatchonradh a shíniú ag éirí as nósanna imeachta oscailte a lainseáladh le haghaidh cúnamh dlí mhuirí, seirbhísí glantacháin agus foireann eatramhach; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht nósanna imeachta idirbheartaithe thairis sin a chur ar bun amhail brócaireacht árachais, seirbhísí idirlín, agus cúnamh teicniúil maidir le hiniúchóireachtaí agus rialú;

13. á chur in iúl gur geal léi, i gcomhréir leis an gcuspóir le haghaidh gníomhaireachtaí Aontais faoina ndéanfaí iarrachtaí soláthair a chomhroinnt, go ndeachaigh an Ghníomhaireacht i bpáirt i 16 thairiscint idirinstiúideacha éagsúla leis an gCoimisiún agus gníomhaireachtaí eile in 2020; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon athruithe amach anseo maidir lena nósanna imeachta soláthair i gcomhpháirt a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

14. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht iarrachtaí critéar amháin ar a laghad a chur i bhfeidhm maidir le fócas iompraíocht chomhshaoil éifeachtúil na dtairgeoirí féideartha maidir leis na nósanna imeachta soláthair arna lainseáil ag an nGníomhaireacht; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a úsáidí agus a éifeachtaí atá an critéar sin a mheas agus torthaí na meastóireachta a chomhroinnt leis an údarás um urscaoileadh;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil bearta ar bun ag an nGníomhaireacht cheana féin mar aon le hiarrachtaí leanúnacha chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa, agus cosaint na sceithirí a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil CV dhá chomhalta de bhord riaracháin na Gníomhaireachta agus ceithre dhearbhú leasa as 66 nár foilsíodh fós ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht CVanna agus dearbhuithe leasa chomhaltaí uile an bhoird riaracháin a fhoilsiú agus na bearta atá á ndéanamh i ndáil leis a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

16. á chur in iúl gur geal léi na céimeanna breise a glacadh, tar éis thuarascáil 2019 maidir le hurscaoileadh, chun feabhas a chur ar thrédhearcacht ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta trí chruinnithe bhaill foirne na Gníomhaireachta le geallsealbhóirí seachtracha a thuairisciú agus iad a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an leathanach a thabhairt cothrom le dáta go rialta ionas go n-áiritheofar trédhearcacht iomlán agus lánmhuinín as gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta;

Rialú inmheánach

17. ag tabhairt dá haire gur bhunaigh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin plean iniúchóireachta nua in 2020 (Plean Straitéiseach Iniúchóireachta Inmheánaí 2021-2023); ag tabhairt dá haire go bhfuil an plean iniúchóireachta sin bunaithe ar thorthaí domhainmheasúnú riosca arna dhéanamh ag IAS agus gurb é atá ann athbhreithniú ar an bpríomhdhoiciméadú maidir le gníomhaíochtaí agus próisis na Gníomhaireachta;

18. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht measúnú ar a Chóras Rialaithe Inmheánach agus gur tháinig sí ar an gconclúid go bhfuil na rialuithe ag oibriú mar a beartaíodh; ag tabhairt dá haire go bhfuil faireachán agus maolú iomchuí á dhéanamh ar rioscaí na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire nár tuairiscíodh aon laigí rialaithe suntasacha in 2020;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

19. ag tabhairt dá haire nach ndearna an Ghníomhaireacht 90 % de na cruinnithe agus misin ar buiséadaíodh dóibh in 2020 a chur chun feidhme mar gheall ar phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire, áfach, go raibh ar chumas na Gníomhaireachta an tionchar sin sa réamhaisnéis bhuiséid a chúiteamh trí ionchorprú a dhéanamh ar thiomantais le haghaidh cairtfhostú breise modhanna, athsholáthar trealaimh a bhí imithe i léig, iarrachtaí breise cumarsáide agus conarthaí eile a bhí beartaithe le haghaidh 2021; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh dianfhaireachán ar na leithreasuithe a tugadh ar aghaidh go 2020, agus gur ráta forghníomhaithe 93,5 % a bhí ann i gcás na leithreasuithe sin dá bharr;

20. ag tabhairt dá haire go ndearna Foireann Bainistíochta Leanúnachais Gnó na Gníomhaireachta faireachán agus anailís ó thús Mhárta 2020 ar aghaidh ar thionchar theilea-oibre na foirne uile mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus gur thángthas ar an gconclúid go raibh an Ghníomhaireacht lánullamh chun leanúint dá hoibríochtaí go hiontaofa leis an teilea-oibriú; ag tabhairt dá haire, áfach, gur mhol Foireann Bainistíochta Leanúnachais Gnó na Gníomhaireachta roinnt oiriúnuithe i gcás Phleananna Gníomhaíochta Téarnaimh indibhdiúla na n-aonad;

21. ag tabhairt dá haire gur thug dálaí teilea-oibre na Gníomhaireachta i gcoitinne laghdú 67 % ar an iomlán ar na hastaíochtaí CO_2 maidir le ceanncheathrú na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire, áfach, gur cealaíodh an laghdú sin sa mhéid gurbh éigean do shoitheach patróil na Gníomhaireachta amach ón gcósta, an "Lundy Sentinel" leas a bhaint as calafort Vigo mar phointe imeachta agus fillte le haghaidh a chuid misean san Atlantach Thuaidh agus Thiar; ag tabhairt dá haire gur mhéadú 25 % ar a ídiú breosla a bhí mar thoradh ar an gcleachtas sin ar deireadh thiar agus méadú 28 % ar astaíochtaí CO_2 i gcomparáid le 2019;

Barúlacha eile

22. ag tabhairt dá haire gur thionscain an Ghníomhaireacht próiseas chun deimhniú a fháil sa Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil san Aontas (EMAS) agus gur ghlac sí sraith beart a bhí dírithe ar a tionchar i gcoitinne ar an gcomhshaol a laghdú; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht ag breathnú ar na gnéithe éagsúla a bhaineann lena lorg carbóin a ghiniúint agus a thomhas agus ar an bhféidearthacht go mbainfí leas as scéimeanna cúitimh i gcomhréir le cleachtais in institiúidí, i gcomhlachtaí agus i ngníomhaireachtaí eile AE;

23. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([2]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.